
# Droichead - Creat le haghaidh Comhráite Dúshlánacha- Iar-bhunscoil

Is cóiriú é an creat seo ó Creat le haghaidh Comhráite Dúshlánacha Dr O'Connell, 2015.

D'fhéadfadh an creat seo a úsáid ag ullmhú do comhráite gairmiúla le comhghleacaithe. Léiríonn an creat seo ceithre céimeanna úsáideach agus is feidir iad a úsáid agus tú ag dul i mbun comhrá gairmiúla.




Fíor 1: Creat le haghaidh Comhráite Dúshlánacha (Source: Dr O'Connell, 2015)

**Creat: Céim 1**

**Réamhrá – Bíodh an meon ceart ann**

- Mínigh cuspóir an chruinnithe i dtosach
- Leag amach struchtúr an chruinnithe
- Aontaigh caighdeáin iompair le haghaidh an chruinnithe
- Bí gairmiúil agus iompar tú féin go réidh i gcónaí
- Cuir daoine ar a gcompord faoi rúndacht (más féidir), roimh agus tar éis an chruinnithe
- Ná bíodh eagla ort léamh as script, cabhróidh sé leat bheith i gceannas
- Dírigh ar an bhfadhb, agus ní ar an duine


cc BY NC

**Creat: Céim 2**

**Abair cad í an fhadhb agus tabhair fianaise**

•Mínigh an fhadhb ó do thaobhsa

• Tabhair samplaí agus luaigh dátaí, doiciméid, obair nó ócáidí ar leith

• Mínigh tionchar na faidhbe

**Creat: Céim 3**

**Iarr míniú**

Éist leis an méid a deirtear – dialóg ghairmiúil

• Bíodh d'intinn ar oscailt; ná bí ag ceapadh go bhfuil an freagra agat láithreach

• Admhaigh a bhfuil ráite ag daoine eile agus aon rud eile a dhéanann difear don scéal

• Luaigh na ceisteanna atá agat agus scrúdaigh an fhadhb le chéile

• Úsáid do theicnící ceistiúcháin chun díriú ar an bhfadhb i gcónaí agus chun athrá a sheachaint

• Is féidir go mbeidh ort do sheasamh féin a athrá agus a bheith daingean faoi

• Ná húsáid focail mhothúchánacha agus ná tabhair aird ar iarrachtaí chun tú a ionramháil. Bíodh muinín agat as na daoine atá roghnaithe agat

**Creat: Céim 4**

**Aontaigh an tslí ar aghaidh**

- Iarr ar an duine eile moltaí a dhéanamh
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach?
- Treoraigh iad agus sibh ag plé na roghanna atá ann.

**Déan cinneadh**

- Aontaigh plean
- Aontaigh na tacaíochtaí
- Aontaigh go mbeidh cruinniú eile ann agus/nó athbhreithniú
- Breac síos an comhaontú agus tabhair cóip don mhúinteoir.

(Dr O'Connell, 2015)